Coimisiún na Scrúduithe Stáit

2008. AP9.11T

# An Ardteistiméireacht Fheidhmeach 2008

## Speisialachas Gairme
## Cúrsa Ceardaíochta agus Dearaidh

Scrúdu Scríofa (40% de na marcanna iomlána)

**Dáta: Déardaoin 12 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2.00 – 3.30**

Scríobh **do scrúduimhir** sa spás seo →

### Treoracha

Tá ocht gceist ar an bpáipéar seo.
Bain triail as ceithre cheist ar bith.

| Don Fheitheoir amháin | Don Scrúdaitheoir amháin | | |
|---|---|---|---|
| Stampa an Ionaid | Ceist 1 | | |
| | Ceist 2 | | |
| | Ceist 3 | | |
| | Ceist 4 | | |
| | Ceist 5 | | |
| | Ceist 6 | | |
| | Ceist 7 | | |
| | Ceist 8 | | |
| | Iomlán | | |
| | Lúide mor-iomlán na gceisteanna/ceiste nár ceadaíodh | | |
| | Iomlán | | |
| | Bónas don Ghaeilge | | |
| | **Mór iomlán** | | |

# Faisean agus Teicstílí

**Ceist 1 (40 marc)**

Freagair **(a)**, **(b)** agus **(c).**

**(a)** Déan dearadh do pháipéar balla do bhialann bunaithe ar na híomhánna atá léirithe thíos.





 

**(b)** Tá dhá athphatrún léirithe thuas.
Cé acu is fearr leat?
Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas chun na fáthanna le do fhreagra a mhíniú.

Dath

Cruth

Líne

**(c)** Luaigh úsáidí don dá dhearadh seo.

# Faisean agus Teicstílí

**Ceist 2 (40 marc)**

Freagair **(a)**, **(b)** agus **(c).**



**(a)** Tá sé socraithe ag baill de chlub peile feisteas an chlub, atá léirithe thuas, a athdhearadh.
Conas ab fhéidir an dearadh a fheabhsú?
Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas mar chúnamh le do fhreagra.

Dath

Cruth

Fabraic

**(b)** Sceitseáil do dhearadh don fheisteas do do chlub áitiúil féin.

**(c)** Cé acu feisteas is fearr leat?
Tá cead agat foireann nó spórt ar bith de do rogha féin a ainmniú.
Luaigh fáthanna le do fhreagra.

# Cumarsáid Ghrafach agus Cló

**Ceist 3 (40 marc)**

Freagair **(a)**, **(b)** agus **(c).**




**(a)** Baintear úsáid as na comharthaí bóthair thuas chun tiománaithe a chur san airdeall mar gheall ar dhainséir rompu amach.
Cad a chiallaíonn gach comhartha díobh?

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

3. ______________________________

______________________________

4. ______________________________

______________________________

______________________________

**(b)** Cad iad na gnéithe tábhachtacha a bhaineann le dearadh comhartha bóthair? Luaigh fáthanna le do fhreagra.

**(c)** Déan dearadh ar chomhartha bóthair do dhá dhainséar díobh seo a leanas: tuilte, duilliúr ar an mbóthar, crann tite, ainmhithe fiáine ag trasnú an bhóthair, tonnta móra, craein lastuas.

# Cumarsáid Ghrafach agus Cló

**Ceist 4 (40 marc)**

Freagair **(a)**, **(b)** agus **(c).**





**(a)** Rinne ealaíontóir graifítí darb ainm Banksy na híomhánna thuas.
Ta siad ar Bhalla na hIdirdheighilte sa Phalaistín.
Cad iad na teachtaireachtaí atá ar intinn an ealaíontóra sa dá íomha seo, dar leat?
Luaigh fáthanna le do fhreagra.

**(b)** Úsáideann Banksy stionsail chun a chuid graifítí a chruthú.
Liostaigh na bunábhair agus an trealamh is gá chun stionsai a déanamh.

**(c)** Cad a chiallaíonn an focal 'tag' in ealaín graifítí? Sceitseáil sampla de.

# Staidéar 3-Thoiseach

**Ceist 5 (40 marc)**

Freagair **(a)**, **(b)** agus **(c).**

**(a)** Baineann an pobal coitianta taitneamh as ealaín phoiblí agus déantar í a dhearadh go minic do shuíomh ar leith.
Déan comparáid idir an dá shaothar ealaíne seo faoi na ceannteidil seo a leanas:





Ábhar ______________________________

______________________________

Bunábhair ______________________________

______________________________

Foirm ______________________________

______________________________

Scála ______________________________

______________________________

**(b)** Cé acu saothar is fearr leat?
Luaigh fáthanna le do fhreagra.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**(c)** Déan píosa dealbhóireachta poiblí a dhearadh don taobh amuigh d'ospidéal a léireoidh an obair chúraim a dhéanann na daoine atá ag obair ann.

Liostaigh na bunábhair a d'úsáidfeá chun an píosa dealbhóireachta a dhéanamh.

# Staidéar 3-Thoiseach

**Ceist 6 (40 marc)**

Freagair **(a)**, **(b)** agus **(c)**.

**(a)** Tá mórán feidhmeanna ag cathaoireacha sa ghnáthshaol laethúil, mar shampla, chun sosa, chun oibre agus chun ite.
Déan staidéar ar na léaráidí den dá chathaoir thíos agus déan comparáid eatarthu faoi na ceannteidil seo a leanas:





Bunábhair

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

Feidhm

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

Uigeacht

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

**(b)** Cé acu cathaoir is fearr leat?  Luaigh fáthanna.

**(c)** Déan dearadh ar chathaoir a bheadh oiriúnach do do sheomra ealaíne.

An mbeadh do dhearadh ar an gcathaoir oiriúnach do do theach cónaithe?
Luaigh fáthanna le do fhreagra.

# Staidéir Lionsabhunaithe

**Ceist 7 (40 marc)**

Freagair **(a)**, **(b)** agus **(c).**

**(a)** Fótamontáis a thugtar ar theicníocht chomhcheangail fótagraf chun íomhá eile a chruthú. Seo a leanas sampla d'fhótamontáis de chuid David Hockney.




Liostaigh an trealamh agus na bunábhair a bheadh uait chun an fhótamontáis seo a athchruthú.

**(b)** Cén fáth, dar leat, a gcruthódh ealaíontóir fótamontáis in áit fótagraf a ghlacadh? Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas mar chúnamh le do fhreagra.

Cumadóireacht

Amharcphointe

Patrún

**(c)** Conas a dhéanfá íomhánna éagsúla a chomhcheangal ar do ríomhaire?

# Staidéir Lionsabhunaithe

**Ceist 8 (40 marc)**

Freagair **(a)**, **(b)** agus **(c).**

**(a)** Déan staidéar ar na fótagraif seo a leanas agus luaigh na feabhais a d'fhéadfaí a chur orthu.

1




2




3



**(b)** Mínigh na téarmaí fótagrafaíochta seo a leanas agus na feidhmeanna atá acu. Úsáid sceitsí chun do fhreagra a mhíniú.

Tríchosach

Lionsa

Nochtadh

Luas comhla

**(c)** Ainmnigh trí ghné a lorgófá i gceamara digiteach a bheadh á cheannach agat.

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN